

HATA AN GHINIDH

Bhí baile i n-Acaill agus ní raibh aon hata ar an mbaile ach aon hata amháin. Bhí cora ar an mbealach amach ón mbaile seo agus bhí sgeach ag fás taobh amuich den choradh. Bhíodh an hata crochta ar an sgeach agus cead ag chuile fhear nuair a bhíodh sé ag imtheacht as an mbaile lá a bhaint as. Nuair a theagadh sé abhaile chrochadh sé an hata ar an sgeach arís go dtigeadh an chéad fhear eile arís go ndéanadh sé an cleas céadna. Baisteadh hata an ghinidh annsin air. Nuair a bhíos gléas nó uirleis ag imtheacht ar iasacht deirtear tá sé ina hata an ghinidh agat.

Micil –7-11-33.